



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Scéim Teanga 2021 – 2024

faoi Alt 15 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Clár an Ábhair

1. Réamhrá	3
1.1 Ullmhú na Scéime	3
1.2 Cuspóirí na Scéime	3
1.3 Tosach Feidhme na Scéime	3
2. Léargas Ginearálta ar GBCN	4
2.1 Misean agus Spriocanna	4
2.2 Céard a Dhéanaimid?	4
2.3 Struchtúr Eagraíochta GBCN	6
2.4 Ár bPáirtithe Leasmhara	6
3. Ullmhú na Scéime	7
3.1 Meitheal	7
3.2 Suirbhé ar an bhFoireann	7
3.3 Comhairliúchán	7
4. Seirbhísí le Soláthar i nGaeilge, i mBéarla nó i nGaeilge agus Béarla	7
4.1 Seirbhísí a sholáthraítear i nGaeilge cheana féin	8
4.2 Seirbhísí atá ar fáil i mBéarla amháin	9
4.3 Feabhsú Seirbhísí atá le soláthar go dátheangach	9
4.3.1 An Chéad Phointe Teagmhála	9
4.3.2 Doiciméid agus Foilseacháin	10
4.3.3 Cumarsáid Inmheánach	10
4.3.4 Suíomh Gréasáin	10
4.3.5 Ríomhphost	11
4.4 Logainmneacha Oifigiúla Limistéar Gaeltachta	11
4.5 Cumas Teanga a Fheabhsú	11
5. Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an Scéim	12
6. An Scéim a Phoibliú	12

1. Réamhrá

Is í seo an dara Scéim Teanga (an “Scéim”) a d’ullmhaigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“GBCN”) faoi Alt 11 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (an “tAcht”). Foráiltear le hAlt 11 den Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim teanga ina gcuirtear síos ar na seirbhísí a bheartaíonn an comhlacht poiblí a sholáthar:

- trí mheán na Gaeilge amháin
- trí mheán an Bhéarla amháin
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

agus na bearta atá le glacadh chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhísí nach soláthraíonn GBCN trí mheán na Gaeilge faoi láthair a sholáthar taobh istigh de thréimhse chomhaontaithe.

1.1 Ullmhú na Scéime

D’iarr an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar GBCN athbhreithniú agus ullmhú a dhéanamh ar dhréachtscéim nua faoi Alt 15 den Acht agus í a chur faoi bhráid oifig an Aire.

Ullmhaíodh an Scéim seo de réir Treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

1.2 Cuspóirí na Scéime

Is í aidhm na Scéime ná úsáid na Gaeilge a fhorbairt ar fud GBCN agus, nuair is gá, ina réimsí cumarsáide leis an bpobal. Cuirfidh GBCN leis an bhfeasacht a chruthófar mar thoradh ar an gcéad dréachtscéim Gaeilge agus leanfaidh sé ag déanamh monatóireachta ar an éileamh ar sheirbhísí Gaeilge le linn na Scéime.

1.3 Tosach Feidhme na Scéime

Tá an Scéim seo deimhnithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tosóidh an Scéim le héifeacht ón 01 Meitheamh 2021 agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht.

2. Léargas Ginearálta ar GBCN

2.1 Misean agus Spriocanna

Bunaíodh GBCN faoi reachtaíocht i 1990. I mí na Nollag 2014, simplíodh a struchtúr rialachais nuair a tugadh isteach bord uileghabhálach nua ar a dtugtar an Ghníomhaireacht. Ceann de chuspóirí an struchtúir rialachais nua shimplithe is ea cur chuige níos comhtháite a éascú maidir le sainorduithe reachtúla GBCN a chur i bhfeidhm. Is é an cuspóir aontaithe ar fud shainorduithe éagsúla GBCN ná sócmhainní agus dliteanais phoiblí a bhainistiú ar bhonn tráchtála agus go críonna.

D'fhorbair GBCN Straitéis Chorporáideach 2019 - 2023 chun tacú lena aonaid ghnó agus a sainorduithe á gcomhlíonadh. Is é ár gcuspóir uileghabhálach ná Luach Fadtéarmach a sheachadadh don Stát agus dá shaoránaigh ach saineolas suntasach airgeadais, infheistíochta agus dlí i mbainistíocht sócmhainní agus dliteanais a chur i bhfeidhm ar fud ár sainorduithe go léir. Gné eile de GBCN is ea a chumas aonaid ghnó a bhunú nó a athfhócasú go tapa chun na sainorduithe a shann an Rialtas a chomhlíonadh. Éilíonn sé seo ar GBCN a chroí-inniúlacht a chothabháil agus a fhorbairt go leanúnach, rud a chinntíonn Luach Fadtéarmach leanúnach don Stát.

2.2 Céard a Dhéanaimid?

Is comhlacht Stáit é an GBCN a oibríonn le sainchúram tráchtála chun seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus dliteanais a sholáthar don Rialtas. I measc na ngnóthaí atá á mbainistiú ag GBCN tá iasachtaíocht i gcomhair an Státchiste agus bainistíocht an Fhiachais Náisiúnta, an Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn, an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, NewERA (an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh) agus an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

Maoiniú agus Bainistiú Fiachais

Tá GBCN freagrach as iasachtaíocht thar ceann an Rialtais agus as bainistiú an Fhiachais Náisiúnta d'fhonn leachtacht don Státchiste a chinntiú agus d'fhonn an t-ualach úis a íoslaghdú sa mheántearma.

An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

Rialaíonn agus bainistíonn GBCN an Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn, a bunaíodh i Nollaig 2014 agus sainordú reachtúil aige infheistiú ar bhonn tráchtála ar bhealach a

cheapfar chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht sa Stát. Tháinig an Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn i gcomharbacht ar an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean.

An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Agus é ag gníomhú mar an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, is é GBCN an comhairleoir airgeadais reachtúil d'údaráis Stáit maidir leis na tionscadail infheistíochta poiblí sin a threoraítear chuige, le luach caipitil os cionn €75 milliún. Tá freagracht air freisin as tionscadail Chomhpháirtíochta Poiblí Príobháidí a sholáthar agus a sheachadadh in earnálacha nach údaráis iompair agus áitiúla iad agus as soláthar agus tógáil thraidisiúnta scoileanna de réir mar a threoraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna.

NewERA


Agus é ag feidhmiú mar NewERA, cuireann GBCN ionad tiomnaithe um shaineolas airgeadais chorparáidigh ar fáil don Rialtas, go háirithe i ndáil le forbheathnú tráchtála comhlachtaí Stáit áirithe. Cuireann sé seirbhísí comhairleacha airgeadais agus tráchtála ar fáil d'Airí Rialtais lena n-áirítear i ndáil le feidhmíocht airgeadais, straitéis chorparáideach, pleananna caipitil agus infheistíochta, fáltais nó diúscairtí beartaithe, athstruchtúrú agus ceapacháin bhoird. Ina theannta sin, féadfaidh NewERA, i gcomhairle leis an Aire ábhartha, tograí a fhorbairt le haghaidh infheistíocht in earnálacha an fhuinnimh, an uisce, na teileachumarsáide agus na foraoiseachta chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht.

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Agus é ag feidhmiú mar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, déanann GBCN bainistíocht ar éilimh maidir le díobháil phearsanta, dochar do réadmhaoin agus faillí chliniciúil a dhéantar ar údaráis Stáit áirithe, lena n-áirítear an Stát féin, Airí Rialtais, an tArd-Aighne, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, earnáil an chúraim sláinte dheonaigh, an Garda Síochána, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Óglaigh na hÉireann agus scoileanna pobail agus cuimsitheacha. Chomh maith leis sin, tá cúram bainistíochta riosca air, agus tugann sé comhairle agus cuidiú d'údaráis Stáit lena neamhchosaint ar éilimh a laghdú a mhéid is féidir. Ina theannta sin, bainistíonn sé costais tríú páirtí a thagann chun cinn de bharr Binsí Fiosrúcháin agus éilimh ar chostais dlí ó ghrúpaí ar éirigh leo ina gcás in éadan an Stáit maidir le díobháil phearsanta agus caingne eile nach mbaineann le díobháil phearsanta.

Chomh maith leis na feidhmeanna thuas, sannann GBCN baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA), do Mhaoiniú Teaghais-Tógála Éireann (HBFÍ) agus do Chorpáraid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCÍ) agus soláthraíonn sé seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta dóibh freisin.

2.3 Struchtúr Eagraíochta Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta:



2.4 Ár bPáirtithe Leasmhara

Bímid ag plé lena lán páirtithe leasmhara éagsúla inár n-aonaid ghnó agus feidhmeanna corparáideacha ar fad. Ina measc tá:

- An tAire Airgeadais, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Airí agus Ranna Rialtais eile, Comhlachtaí Stáit, Comhlachtaí Stáit Tráchtála agus contrapháirtithe AE;
- Institiúidí iasachtaithe, bainc cheannais agus bainc thráchtála intíre, idirnáisiúnta agus AE;

- Pobail infheisteoirí intíre agus idirnáisiúnta, e.g. infheisteoirí institiúideacha, cistí infheistíochta Stáit, cistí pinsean; agus
- Pobail agus earnálacha gnó intíre agus idirnáisiúnta, e.g. fiontraithe, gnólachtaí nua-thionscanta, gnóthais bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí gnó.

3. Ullmhú na Scéime

3.1 Meitheal

Leagan nuashonraithe den chéad scéim Ghaeilge is ea an Scéim seo agus tá sí ullmhaithe ag an Aonad Seirbhísí Faisnéise Corparáidí (“Aonad CIS”) le cúnamh á lorg ó Aonaid Ghnó de réir mar is gá. Is ar an Aonad CIS atá an fhreagracht as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim.

3.2 Suirbhé ar an bhFoireann

Eisíodh ceistneoir do gach fostaí de chuid an GBCN chun a spéis sa Ghaeilge a mheas. Iarradh ar fhostaithe go háirithe a gcuid Gaeilge labhartha agus scríofa a rátáil. Tá torthaí an cheistneora á n-úsáid chun suim a thomhas iontu siúd ar mhaith leo a gcuid scileanna Gaeilge a fhorbairt tuilleadh.

3.3 Comhairliúchán

D’fhoilsigh GBCN fógra rúin ar an suíomh gréasáin www.tuairisc.ie inar tugadh cuireadh don phobal aighneachtaí a dhéanamh i ndáil le hullmhú na Scéime. Cuireadh fógra ar Inlíon GBCN freisin. Cruthaíodh seoladh ríomhphoist tiomnaithe chun glacadh le haighneachtaí nó le haon cheisteanna i ndáil leis an dréacht-Scéim. Ní raibh aon aighneacht faighte faoi dheireadh an phróisis seo.

4. Seirbhísí le soláthar i nGaeilge, i mBéarla nó i nGaeilge agus Béarla

Ní chuireann GBCN seirbhísí ar fáil go díreach don phobal. Tá trí fheidhm de chuid GBCN, áfach, a bhféadfadh suim a bheith ag an bpobal iontu. Is iad sin:

- **Cuntais Dhíomhaoine:** Is é GBCN bainisteoir Chiste na gCuntas Díomhaoine, a n-íoctar iarmhéideanna áirithe ar chuntais dhíomhaoine isteach ann, mar aon leis an luach ina airgead ar pholasaithe árachais saoil áirithe.
- **An Scéim um Ráthaíocht Dlíteanas Incháilithe:** Tháinig an Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Ráthaíocht Dlíteanas Incháilithe) 2009, lena foráladh do ráthaíocht

dliteanas bainc áirithe, in éifeacht ar an 9 Nollaig 2009 agus cuireadh deireadh léi ar an 20 Márta 2013. Is é GBCN oibritheoir na Scéime seo.

- **Coigilteas Stáit:** is é seo an t-ainm branda a úsáideann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun cur síos ar réimse na dtáirgí coigiltis Rialtais a chuireann GBCN ar fáil trína ghníomhairí, An Post agus Cuideachta na nDuaisbhannaí, do choigilteoirí pearsanta.

Déanann GBCN cumarsáid leis an bpobal i gcoitinne ar na modhanna seo:

- Foilseacháin (Tuarascálacha Bliantúla)
- Preasráitis
- Suíomhanna Gréasáin
- Na Meáin Shóisialta
- Seisiúin Eolais don Phreas
- Agallaimh leis na Meáin

4.1 Seirbhísí a sholáthraítear i nGaeilge cheana féin

Is é an Béarla teanga oibre GBCN. Cuireann GBCN eolas ar fáil i nGaeilge, áfach, de réir a oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Ina theannta sin, tá eolas áirithe a bhaineann le táirgí Coigiltis Stáit ar fáil i nGaeilge. Tá tuilleadh eolais ina thaobh seo leagtha amach thíos:

De réir oibleagáidí in alt 9 den Acht:

- is i nGaeilge agus i mBéarla atá stáiseanóireacht oifigiúil
- tugtar freagra i nGaeilge ar chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge
- is i nGaeilge agus i mBéarla atá comharthaí in áiteanna poiblí

De réir oibleagáidí in alt 10 den Acht:

- foilsítear an Straitéis Chorporáideach i nGaeilge agus i mBéarla
- foilsítear Tuarascáil Bhliantúil GBCN i nGaeilge agus i mBéarla
- foilsítear Tuarascáil Bhliantúil an Chiste Carbóin i nGaeilge agus i mBéarla
- Foilsítear Tuarascáil Bhliantúil an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean i nGaeilge agus i mBéarla

I leith Coigilteas Stáit, tá cuid nach beag de na doiciméid a bhaineann leis na táirgí, lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha agus bróisiúir na dtáirgí, ar fáil i nGaeilge ar an suíomh gréasáin Coigiltis Stáit. Mar a luadh cheana, gníomhaíonn An Post mar ghníomhaire do GBCN i leith Coigiltis Stáit agus tá sé i mbun dara scéim Gaeilge a chomhaontú. Thug An

Post an tiomantas seo a leanas maidir le feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraíonn sé do chustaiméirí Choigiltis Stáit thar shaolré a chéad scéime Gaeilge, a ritheann ó 2015 go 2018:

‘Cuirfear gach foirm chaighdeánach atá ar fáil i mBéarla ar fáil i bhfoirm dhigiteach ar an idirlíon i nGaeilge le linn shaolré na Scéime mar seo a leanas: 40% faoi dheireadh bhliain 1, 60% faoi dheireadh Bhliain 2, 100% faoi dheireadh Bhliain 3.’

4.2 Seirbhísí atá ar fáil i mBéarla amháin

Tá roinnt doiciméad nach mbeidh ar fáil ach i mBéarla.

Áirítear orthu sin cáipéisí speisialtóra nó teicniúla de chuid GBCN. Ina theannta sin cuirfear óráidí nó ráitis ar fáil sa teanga ina dtugtar iad.

4.3 Feabhsú Seirbhísí atá le soláthar go dátheangach faoi Scéim GBCN

Is é cuspóir an Achta ná cinnte a dhéanamh de go mbeidh fáil níos fearr ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus go mbeidh siad ar chaighdeán níos airde. Tá sé d’aidhm ag GBCN infheictheacht agus úsáid na Gaeilge a mhéadú i ngach aonad gnó sna trí bliana atá romhainn amach. Chuige sin, tá GBCN tiomanta na garspriocanna seo a leanas a bhaint amach le linn na Scéime seo:

4.3.1 An chéad phointe teagmhála

- Is é ionad fáiltithe GBCN an chéad phointe teagmhála leis an bpobal. Tá rochtain ag fostaithe atá ag obair sa láthair fáiltithe ar liosta d’fhostaithe, atá lonnaithe san Aonad CIS, atá ar fáil chun cumarsáid a dhéanamh le glaoiteoirí trí Ghaeilge. Mura mbeadh na fostaithe seo ar fáil, tá teachtaireacht ghutha dhátheangach ‘as láthair’ ar líne teileafóin an Aonaid CIS ar a bhféadfadh baill den phobal teachtaireacht a fhágáil sa teanga ba rogha leo.
- Cuireadh oiliúint ar fáil d’fhoireann na láithreach fáiltithe ionas go mbeidh siad in ann beannú bunúsach a thabhairt i nGaeilge. Cuirfear oiliúint ar bhaill foirne nua-earcaithe na láithreach fáiltithe maidir le beannú bunúsach i nGaeilge a sholáthar faoi dheireadh bhliain a dó den Scéim seo chomh maith.

4.3.2 Doiciméid agus Foilseacháin

- Foilseofar 20% de na preaseisiúintí go léir i nGaeilge agus i mBéarla. Déanfaimid ár ndícheall iad seo a fhoilsiú go comhuaineach faoi dheireadh na Scéime seo, ach beidh cásanna áirithe ann nuair nach mbeifear in ann é seo a dhéanamh.
- Tá Straitéis Infheistíochta ISIF ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ar shuíomh gréasáin GBCN.

4.3.3 Cumarsáid Inmheánach

- Cuirfear cúrsaí oiliúna Gaeilge ar fáil d'fhostaithe le linn na Scéime seo.
- Nuashonraíodh an cúrsa Ionduchtúcháin d'fhostaithe chun mír ar Scéim Gaeilge GBCN agus a oibleagáidí eile faoin Acht a chur san áireamh.
- Leanfar de chur chun cinn na Gaeilge go ginearálta san ionad oibre gach bliain ach gníomhaíochtaí sóisialta cosúil le rannpháirtíocht i Seachtain na Gaeilge agus maidineacha Caife débhlíantúla a eagrú.

4.3.4 Suíomh Gréasáin

Suíomh Gréasáin Corparáideach GBCN (<https://www.ntma.ie/ga/>)

Faoi dheireadh na Scéime seo, beidh ábhar na leathanach seo a leanas ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla (gan naisc, Ceisteanna Coitianta agus/nó doiciméid PDF atá ar na leathanaigh a bheith san áireamh):

- Leathanach Réimse Gnó ISIF (<https://www.ntma.ie/business-areas/ireland-strategic-investment-fund>)
- Leathanach Réimse Gnó Maoinithe agus Bainistíochta Fiachais (<https://www.ntma.ie/business-areas/funding-and-debt-management>)
- Leathanach Réimse Gnó an NDFA <https://www.ntma.ie/business-areas/national-development-finance-agency>
- Leathanach Réimse Gnó na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát (<https://www.ntma.ie/business-areas/state-claims-agency>)
- Leathanach Réimse Gnó NewERA <https://www.ntma.ie/business-areas/newera>
- Leathanach Baile Rochtana Faisnéise (<https://www.ntma.ie/information-pages>)

An Suíomh Gréasáin um Choigilteas Stáit ([https://www.statesavings.ie/?lang=ga -ie](https://www.statesavings.ie/?lang=ga-ie))

Coinneoidh An Post an t-ábhar Gaeilge ar shuíomh gréasáin Choigilteas Stáit de réir na bhfeabhsuithe atá beartaithe ina scéim Ghaeilge. Ina theannta sin, rachaidh GBCN i dteagmháil leis An Post maidir lena scéim Ghaeilge atá i réim d'fhonn feabhas breise a chur ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil do chustaiméirí Choigilteas Stáit i nGaeilge.

4.3.5 Ríomhphost

- Tá seoladh ríomhphoist Eolas@ntma.ie curtha ar bun tar éis na chéad dréachtscéime teanga chun go mbeidh an pobal i gcoitinne in ann ceisteanna a chur go héasca i nGaeilge. Fógraítear an seoladh ríomhphoist seo ar shuíomh gréasáin GBCN agus soláthróidh an fhoireann fáiltithe sonraí faoin seoladh ríomhphoist do bhaill an phobail a iarraidh é.
- Foilsítear an séanadh ar gach ríomhphost a seoltar go dátheangach.

4.4 Logainmneacha Oifigiúla Limistéar Gaeltachta

- Úsáidfídh GBCN logainmneacha oifigiúla limistéar Gaeltachta chun críche gnó oifigiúil.

4.5 Cumas Teanga a Fheabhsú

Tá roinnt fostaithe tar éis a chur in iúl gur mhaith leo cur lena gcuid Gaeilge le go mbeidh siad in ann ceisteanna ón bpobal a fhreagairt i nGaeilge. Tá socruithe á ndéanamh chun deis a thabhairt do na fostaithe sin freastal ar chúrsaí Gaeilge ag leibhéal éagsúla. Tá cúrsa ardleibhéal déanta ag roinnt fostaithe cheana féin. Le go mbeidh níos mó eolais ag daoine faoin nGaeilge agus faoi Scéim Teanga GBCN, beidh mír ar leith san Oiliúint Ionduchtúcháin um Chomhlíonadh d'fhostaithe nua.

- Beidh ról lárnach ag an Rannóg Acmhainní Daonna ó thaobh cabhrú le fostaithe a bhfuil aon riachtanais Ghaeilge acu. Spreagtar fostaithe a léiríonn suim sa Ghaeilge dul i dteagmháil leis an Rannóg Acmhainní Daonna chun roghanna agus cúrsaí oiliúna a d'fhéadfadh a bheith ar fáil a chur chun cinn.
- Nuashonraíodh an rannán Gairmeacha de shuíomh gréasáin GBCN chun aon duine atá ag iarraidh iarratas a dhéanamh ar fhógra earcaíochta nó ar fholúntas

inmheánach i nGaeilge a chur ar an eolas chun ríomhphost a sheoladh chuig eolas@ntma.ie, áit a mbeimid i dteagmháil leo ina dhiaidh sin chun cabhrú leo.

Poist Ghaeilge Shainithe

Ag féachaint do pholasaí an Rialtais maidir le soláthar feabhsaithe seirbhísí i nGaeilge, déanfaidh GBCN athbhreithniú agus sainaitheint, ar bhonn bliantúil, ar aon phoist a bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge ina riachtanas lárnach dóibh.

Déanfar gach iarracht na riachtanais seo a chomhlíonadh faoi dheireadh na Scéime seo agus aird á tabhairt ar pholasaithe earcaíochta, ardaithe céime agus oiliúna, de réir mar is cuí.

Cuirfidh sé seo ar chumas GBCN feabhsú incriminteach ar sheirbhísí i nGaeilge a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta ar bhealach níos straitéisí.

5. Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an Scéim

Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an Scéim agus déanfar monatóireacht ar líon na n-uaireanta a iarrtar seirbhís trí Ghaeilge.

6. An Scéim a Phoibliú

Déanfar a bhfuil sa Scéim seo, mar aon leis na gealltanais atá inti, a phoibliú i measc na foirne agus an phobail i gcoitinne mar seo:

- Preasráiteas
- Fógraí ar an suíomh gréasáin agus ar an suíomh inlín
- Cuirfear cóip den Scéim ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.